CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 230/2020

an 11 Nollaig 2020

lena leasaítear Iarscríbhinn XX (An Comhshaol) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/2032]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Treoir (AE) 2018/410 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2018 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE chun laghduithe costéifeachtacha astaíochtaí agus infheistíochtaí ísealcharbóin a fheabhsú, agus Cinneadh (AE) 2015/1814, ([1]) ionchorpraíodh é i gComhaontú LEE le Cinneadh ó Chomhchoiste LEE Uimh. 112/2020 an 14 Iúil 2020.

(2) Na figiúirí don Íoslainn de bhun Airteagail 9 agus 9a(2) de Threoir 2003/87/CE, arna leasú le Treoir (AE) 2018/410, is gá iad a leasú.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasófar pointe 21al (Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) d'Iarscríbhinn XX a ghabhann le Comhaontú LEE mar seo a leanas:

1. In oiriúnú (i), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na líne a bhaineann leis an Íoslainn:

'an Íoslainn: 1 774 646 tona de choibhéis CO_2.'

2. In oiriúnú (u):

(i) i gCUID A, maidir leis an tábla a bhaineann leis an Íoslainn faoin gceannteideal "1. Figiúirí Stáit CSTE de bhun Airteagal 9", cuirtear an tábla seo a leanas in ionad an tábla sin:

"

Bliain	Líon na lamháltas
2013	22 685
2014	22 268
2015	21 852
2016	21 435
2017	21 019
2018	20 602
2019	20 186
2020	19 769

,

([1]) IO L 76, 19.3.2018, lch. 3.

(ii) i gCUID A, maidir leis an tábla a bhaineann leis an Íoslainn faoin gceannteideal "3. Figiúirí Stáit CSTE de bhun Airteagal 9a(2)", cuirtear an tábla seo a leanas in ionad an tábla sin:

‘

Bliain	Líon na lamháltas
2013	1 682 010
2014	1 651 131
2015	1 620 252
2016	1 589 373
2017	1 558 494
2018	1 527 616
2019	1 496 737
2020	1 465 858

’

(iii) i gCUID B, cuirtear an colún seo a leanas in ionad an cholúin a bhaineann leis an Íoslainn:

‘

Caidhp astaíochtaí 2021-2030	**An Íoslainn**
2021	1 432 642
2022	1 393 440
2023	1 354 238
2024	1 315 037
2025	1 275 835
2026	1 236 633
2027	1 197 432
2028	1 158 230
2029	1 119 029
2030	1 079 827

’

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 12 Nollaig 2020, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *, nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 112/2020 ó Chomhchoiste LEE an 14 Iúil 2020 ([2]), cibé acu is déanaí.

Airteagal 3

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

* Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

([2]) IO L 172, 6.7.2023, lch. 33.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Nollaig 2020.

Thar ceann Chomhchoiste LEE
An tUachtarán
Sabine MONAUNI